An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# LÉIRITHE SPÉISE DO CHATHAOIRLEACH AN GHRÚPA PÁIRTITHE LEASMHARA MÍCHUMAIS

NÓTA:

Féach na 'Nótaí Treorach do Pháirtithe Leasmhara' a ghabhann leis seo agus an fhoirm seo á comhlánú agat. Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach go díreach chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoi **5pm an 13 Nollaig 2021** chuig disability@equality.gov.ie.

Tá trí (3) chuid san fhoirm seo um Léiriú Spéise le comhlánú:

1. Sonraí Pearsanta
2. Faisnéise arna lorg
3. Dearbhú

# CATHAOIRLEACH DSG
# FOIRM LÉIRITHE SPÉISE

## MÍR A - SONRAÍ PEARSANTA

### 1.1 Ainm

Tabhair d'ainm anseo le do thoil.

### 1.2 Seoladh

Tabhair do sheoladh anseo le do thoil.

### 1.3 Sonraí teagmhála

Tabhair do shonraí teagmhála anseo le do thoil lena n-áirítear líne thalún, fón póca, seoladh ríomhphoist, láithreán gréasáin agus na meáin shóisialta nuair is infheidhme.

### 1.4 Eolas Cúlra

- Taithí oibre agus deonach
- Taithí úsáideora seirbhíse agus saoil
- Cúlra acadúil
- Aon fhaisnéis chúlra ábhartha eile

## CUID 2 - FAISNÉIS ARNA LORG

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas, le do thoil.

**2.1 Taithí ar neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus uilechuimsitheacht a fheidhmiú.** (500 focal ar a mhéad)

Tabhair ráiteas gairid le do thoil ag leagan amach:

- Fianaise ar thaithí roimhe seo maidir le díospóireachtaí agus idirphlé a chomhordú i measc
  páirtithe leasmhara agus grúpaí sainleasa éagsúla
- Bheadh taithí maidir le tuairimí éagsúla a léiriú go neamhchlaonta inmhianta chomh maith.

**2.2 Achoimre ar eolas, taithí agus saineolas sonrach maidir le cathaoirleacht nó ceannaireacht a thaispeáint i measc grúpaí páirtithe leasmhara** (500 focal ar a mhéad)

Tabhair ráiteas gairid le do thoil ag leagan amach an méid seo a leanas:

- eolas, taithí agus saineolas maidir le cathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpaí páirtithe leasmhara nó ceannaireacht a thaispeáint ina leith seo
- conas a bhraitheann tú go mbeidh sé seo tairbheach d’obair an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais

**2.3 Scileanna idirphearsanta agus oibriú i gcomhar:** (500 focal ar a mhéad)

Tabhair ráiteas gairid le do thoil ag leagan amach an méid seo a leanas:

- Do thaithí ar obair ghrúpaí agus daoine aonair éagsúla a threorú agus a chomhordú
- Do thaithí ar chothroime agus ar chomhionannas a bhaint amach maidir le tuairimí ghrúpaí páirtithe leasmhara a léiriú i bhforbairt agus in athbhreithniú beartas.

**2.4 Tiomantas:** (500 focal ar a mhéad)

Is ról tábhachtach é cathaoirleacht an DSG i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialtais ar bheartas míchumais. Cuir in iúl dúinn faoi do chumas tiomantas a thabhairt don am agus don obair a theastaíonn mar a shonraítear sna Nótaí Treorach do Pháirtithe Leasmhara

**2.4 Faisnéis bhreise:** (500 focal ar a mhéad)

Úsáid an spás seo a leanas le haghaidh aon fhaisnéis bhreise ar mhaith leat a sholáthar.

## CUID 3 - DEARBHÚ -

Cuirim leis seo an Léiriú Spéise do Chathaoirleach an DSG chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo fíor agus iomlán chomh fada agus is eol dom.

Tuigim go bhféadfar faisnéis a sholáthraítear san iarratas seo nó a ghabhann leis a chur ar fáil nuair a iarrtar iad faoi na Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Tuigim freisin nach ráthaíocht é iarratas a dhéanamh agus ceapadh rathúil don Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais.

Síniú:

Dáta:

## AN ROINN LEANAÍ, COMHIONANNAIS, MÍCHUMAIS, LÁNPHÁIRTÍOCHTA AGUS ÓIGE - RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS SONRAÍ

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tiomanta do chearta agus do phríobháideacht daoine aonair a chosaint de réir reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann um chosaint sonraí. Tá tábhacht mhór le láimhseáil cheart, dhleathach agus chothrom na sonraí pearsanta go léir, ag urramú cearta dlíthiúla, príobháideachta agus muiníne gach duine lena ndéileálaimid.